**RIALACHÁN (AE) 2025/666 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 4 Aibreán 2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le húsáid ceallalóis carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466) agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh ceallalóis (E 460), ceallalós meitile (E 461), ceallalós eitile (E 462), ceallalós hiodrocsapróipile (E 463), ceallalós meitile hiodrocsapróipile (E 464), ceallalós meitile eitile (E 465), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam trasnasctha, guma ceallalóis trasnasctha (E 468) agus ceallalós carbocsaimeitile hidrealaithe go heinsímeach (E 469)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(3) agus Airteagal 14 de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bia ([2]), agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 leagtar síos liosta Aontais de bhreiseáin bhia atá formheasta le húsáid i mbia agus coinníollacha a n-úsáide. Le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 leagtar síos liosta Aontais de bhreiseáin bhia lena n-áirítear iompróirí atá formheasta le húsáid i mbreiseáin bhia, einsímí bia, blastáin bia agus cothaithigh maille le coinníollacha a n-úsáide.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(3) Féadfar na liostaí Aontais de bhreiseáin bhia a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an nós imeachta comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, ar thionscnamh an Choimisiúin nó tar éis iarratas a fháil.

(4) Maidir le ceallalós (E 460), ceallalós meitile (E 461), ceallalós eitile (E 462), ceallalós hiodrocsapróipile (E 463), ceallalós meitile hiodrocsapróipile (E 464), ceallalós meitile eitile (E 465), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam trasnasctha, guma ceallalóis trasnasctha (E 468) agus ceallalós carbocsaimeitile hidrealaithe go heinsímeach (E 469), is breiseáin bhia iad sin atá údaraithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(5) An 16 Eanáir 2018 d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás) tuairim eolaíoch maidir leis an athmheastóireacht ar na cineálacha ceallalóis E 460(i), E 460(ii), E 461, E 462, E 463, E 464, E 465, E 466, E 468 agus E 469 mar bhreiseáin bhia ([4]). A mhéid a bhaineann le ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466) a úsáid i 'mBianna aiste bia do naíonáin chun críoch speisialta liachta agus bainní foirmle speisialta do naíonáin' (catagóir bia 13.1.5.1) agus 'Bianna aiste bia do naíonáin agus do leanaí óga chun críoch speisialta liachta

([1]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1333/2024-04-23.
([2]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1331/2021-03-27.
([3]) Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/231/2024-04-23).
([4]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2018;16(1):5047.

mar a shainmhínítear i dTreoir 1999/21/CE' (catagóir bia 13.1.5.2), tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár fhág na sonraí a bhí ar fáil gur féidir measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar shábháilteacht a n-úsáide i mbianna a bhaineann leis na catagóirí bia sin. A mhéid a bhaineann le húsáidí eile ceallalóis carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466), agus le húsáidí na mbreiseán bia eile a ndearnadh athmheastóireacht orthu, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach raibh gá le hiontógáil laethúil inghlactha uimhriúil agus nach mbeadh aon ábhar imní ó thaobh na sábháilteachta de maidir leis na húsáidí agus na leibhéil a tuairiscíodh. Mhol an tÚdarás, áfach, athbhreithniú a dhéanamh ar na huasteorainneacha le haghaidh dúile tocsaineacha (arsanaic, luaidhe, mearcair agus caidmiam) sna sonraíochtaí a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 le haghaidh na mbreiseán bia sin chun a áirithiú nach mbeidh siad ina bhfoinse shuntasach nochta do na dúile tocsaineacha thuasluaite trí bhia.

(6) An 18 Iúil 2018 sheol an tÚdarás glao poiblí ar shonraí teicniúla agus tocsaineolaíocha maidir le ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466) lena úsáid mar bhreiseán bia i mbianna do gach grúpa daonra, lena n-áirítear naíonáin faoi bhun 16 seachtaine d'aois, chun na sonraí is gá a bhailiú chun aghaidh a thabhairt ar a chuid moltaí maidir leis an mbreiseán bia sin. Sholáthair oibreoirí gnó sonraí mar fhreagairt ar an nglao.

(7) An 9 Nollaig 2022 d'eisigh an tÚdarás 'tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar cheallalós carbocsaimeitile sóidiam (E 466) mar bhreiseán bia i mbianna do naíonáin faoi bhun 16 seachtaine d'aois agus obair leantach ar a athmheastóireacht mar bhreiseán bia lena úsáid i mbianna le haghaidh gach grúpa daonra' ([5]). Mar gheall ar an easpa leanúnach sonraí, ní dhearna an tÚdarás measúnú ar shábháilteacht úsáide ceallalóis carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466) i gcatagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2. Mar sin féin, mhol an tÚdarás na huasteorainneacha le haghaidh dúile tocsaineacha sa bhreiseán bia sin a ísliú agus an focal 'tuaslagán' a athrú go 'easrán' ina shonraíochtaí mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún, bunaithe ar an tuairim go gcruthaíonn hidreacollóidigh easráin chollóideacha in uisce seachas fíor-thuaslagáin.

(8) Shoiléirigh an tÚdarás an 16 Aibreán 2024 go raibh an dara moladh sin infheidhme freisin maidir le breiseáin bhia hidreacollóidigh eile amhail ceallalós micricriostalta (E 460 (i)), ceallalós púdraithe (E 460 (ii)), ceallalós meitile (E 461), ceallalós eitile (E 462), ceallalós hiodrocsapróipile (E 463), ceallalós hiodrocsapróipile ísealmhalartaithe (L-HPC) (E 463a), ceallalós meitile hiodrocsapróipile (E 464), ceallalós meitile eitile (E 465), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam trasnasctha, guma ceallalóis trasnasctha (E 468) agus ceallalós carbocsaimeitile hidrealaithe go heinsímeach (E 469) ([6]).

(9) An 29 Lúnasa 2023 sheol an Coimisiún glao poiblí ar shonraí teicniúla maidir leis na breiseáin bhia cheadaithe ceallalós micricriostalta (E 460(i)), ceallalós púdraithe (E 460(ii)), ceallalós meitile (E 461), ceallalós eitile (E 462), ceallalós hiodrocsapróipile (E 463), ceallalós meitile hiodrocsapróipile (E 464), ceallalós meitile eitile (E 465), ceallalós carbocsaimeitile trasnasctha (E 468) agus ceallalós carbocsaimeitile hidrealaithe go heinsímeach (E 469), glao inar iarradh sonraí maidir le dúile tocsaineacha. Sholáthair oibreoirí gnó sonraí maidir leis na dúile tocsaineacha sin mar fhreagairt ar an nglao.

(10) Agus an athmheastóireacht a rinne an tÚdarás á cur san áireamh, is iomchuí an t-údarú le haghaidh ceallalóis carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466) i gcatagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2 a tharraingt siar agus é a bhaint de Roinn B de Chuid 5 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ina bhfuil breiseáin bhia a chuirtear le cothaithigh a bheartaítear a úsáid in earraí bia do naíonáin agus do leanaí óga agus a liostaítear i bPointe 13.1 de Chuid E d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin. Thairis sin, is iomchuí leasú a dhéanamh ar na sonraíochtaí le haghaidh ceallalóis (E 460), ceallalós meitile (E 461), ceallalós eitile (E 462), ceallalós hiodrocsapróipile (E 463), ceallalós meitile hiodrocsapróipile (E 464), ceallalós meitile eitile (E 465), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam trasnasctha, guma ceallalóis trasnasctha (E 468) agus ceallalós carbocsaimeitile hidrealaithe go heinsímeach (E 469), sonraíochtaí atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012. Go háirithe, ba cheart na huasteorainneacha atá ann faoi láthair le haghaidh dúile tocsaineacha a laghdú chun a áirithiú nach mbeidh breiseáin bhia ina mhórfhoinse nochta ó thaobh na ndúl tocsaineach sin i mbia de, agus an leibhéal is féidir a bhaint amach faoi láthair trí dhea-chleachtais mhonaraíochta a chur i bhfeidhm á chur san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart an focal 'tuaslagán' a athrú go 'easrán'.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (CE) Uimh. 1333/2008 agus (AE) Uimh. 231/2012 a leasú dá réir.

([5]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(12):7665.
([6]) Miontuairiscí ón 63ú cruinniú den Mheitheal um Shonraíochtaí Breiseán Bia. Le fáil ar https://www.efsa.europa.eu/sites/default/files/wgs/food-ingredients-and-packaging/wg-fafwgSpecificationsFAs.pdf.

(12) Ós rud é nár shainaithin an tÚdarás ábhar imní láithreach ó thaobh na sláinte de a bhain le láithreacht dúl tocsaineach nach sáraíonn na teorainneacha is infheidhme faoi láthair sna breiseáin bhia ceallalóis (E 460), ceallalós meitile (E 461), ceallalós eitile (E 462), ceallalós hiodrocsapróipile (E 463), ceallalós meitile hiodrocsapróipile (E 464), ceallalós meitile eitile (E 465), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam trasnasctha, guma ceallalóis trasnasctha (E 468) agus ceallalós carbocsaimeitile hidrealaithe go heinsímeach (E 469), agus chun deis a thabhairt do na hoibreoirí gnó bia, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, iad féin a oiriúnú do na sonraíochtaí níos déine nua a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart cur i bhfeidhm na sonraíochtaí nua a chur siar agus ba cheart idirthréimhse a sholáthar maidir le húsáid na mbreiseán bia sin a chuirtear ar an margadh roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(13) Ar na cúiseanna céanna, is iomchuí idirthréimhse a sholáthar i gcás bianna ina bhfuil ceallalós (E 460), ceallalós meitile (E 461), ceallalós eitile (E 462), ceallalós hiodrocsapróipile (E 463), ceallalós meitile hiodrocsapróipile (E 464), ceallalós meitile eitile (E 465), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam trasnasctha, guma ceallalóis trasnasctha (E 468) nó ceallalós carbocsaimeitile hidrealaithe go heinsímeach (E 469) agus a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(14) Ós rud é nár shainaithin an tÚdarás ábhar imní láithreach ó thaobh na sláinte de a bhain le húsáid ceallalóis carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466) lena úsáid i mbianna seachas iad siúd atá i gcatagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2 agus in ullmhóidí cothaitheacha lena n-úsáid 'mBianna aiste bia do naíonáin agus do leanaí óga chun críocha liachta mar a shainmhínítear i dTreoir 1999/21/CE', agus chun deis a thabhairt do na hoibreoirí gnó bia, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, teacht ar roghanna malartacha ar cheallalós carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466) sna catagóirí bia agus sna hullmhóidí cothaitheacha sin, ba cheart cur i bhfeidhm na gcoinníollacha nua úsáide a chur siar agus ba cheart idirthréimhse a sholáthar le haghaidh táirgí a chuirtear ar an margadh roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. I bhfianaise na gcéimeanna éagsúla is gá chun athfhoirmliú táirge a dhéanamh ar bhianna a bhaineann le catagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2, agus chun a áirithiú go mbeidh fáil ar bhianna a bhaineann leis na catagóirí bia sin agus a fhoirmlítear go sonrach le haghaidh othair dhiagnóisithe a bhfuil earráidí inbheirthe meitibileachta orthu agus a úsáideann na bianna sin mar fhoinse shuntasach chothaithe chun a riachtanais chothaithe a chomhlíonadh, ba cheart an tréimhse cur i bhfeidhm a chuirfear siar a bheith fada go leor.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 4*

1. Na breiseáin bhia ceallalós (E 460), ceallalós meitile (E 461), ceallalós eitile (E 462), ceallalós hiodrocsapróipile (E 463), ceallalós meitile hiodrocsapróipile (E 464), ceallalós meitile eitile (E 465), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam trasnasctha, guma ceallalóis trasnasctha (E 468) agus ceallalós carbocsaimeitile hidrealaithe go heinsímeach (E 469) a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh an 27 Deireadh Fómhair 2025, féadfar iad a chur le bia i gcomhréir le hIarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 go dtí go n-ídeofar na stoic.

2. Bianna ina bhfuil ceallalós (E 460), ceallalós meitile (E 461), ceallalós eitile (E 462), ceallalós hiodrocsapróipile (E 463), ceallalós meitile hiodrocsapróipile (E 464), ceallalós meitile eitile (E 465), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam trasnasctha, guma ceallalóis trasnasctha (E 468) nó ceallalós carbocsaimeitile hidrealaithe go heinsímeach (E 469) agus a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh an 27 Deireadh Fómhair 2025, féadfar iad a chur ar an margadh go dtí a ndáta íosmharthanachta nó go dtí a 'ndáta éaga'.

3. Bianna a bhaineann le catagóirí bia 13.1.5.1 'Bianna aiste bia do naíonáin chun críoch speisialta liachta agus bainní foirmle speisialta do naíonáin' agus 13.1.5.2 'Bianna aiste bia do naíonáin agus do leanaí óga chun críoch speisialta liachta mar a shainmhínítear i dTreoir 1999/21/CE' agus a bhfuil ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466) iontu, i gcomhréir le hIarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, agus a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh an 27 Aibrean 2027, féadfar leanúint dá margú go dtí a ndáta íosmharthanachta nó go dtí a 'ndáta éaga'.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagail 1 agus 2 ón 27 Aibrean 2027. Beidh feidhm ag Airteagal 3 ón 27 Deireadh Fómhair 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Aibreán 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear Cuid E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 mar a leanas:

(1) i gcatagóir 13.1.5.1 (Bianna aiste bia do naíonáin chun críoch speisialta liachta agus bainní foirmle speisialta do naíonáin), scriostar an iontráil maidir leis an mbreiseán bia E 466 (Ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, Guma ceallalóis);

(2) i gcatagóir 13.1.5.2 (Bianna aiste bia do naíonáin agus leanaí óga chun críoch speisialta liachta mar a shainmhínítear i dTreoir 1999/21/CE), scriostar an iontráil maidir leis an mbreiseán bia E 466 (Ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, Guma ceallalóis).

*IARSCRÍBHINN II*

I Roinn B de Chuid 5 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 scriostar an iontráil maidir leis an mbreiseán bia E 466 (Ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, Guma ceallalóis).

*IARSCRÍBHINN III*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 mar a leanas:

(1) leasaítear an iontráil maidir le 'E 460 (i) Ceallalós micricriostalta, glóthach cheallalóis' mar a leanas:

(a) cuirtear an tsonraíocht seo a leanas isteach i ndiaidh an 'Sainmhíniú':

| | |
|---|---|
| 'Uimhir CAS | 9004-34-6'; |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Íonacht':

| **'Íonacht** | |
|---|---|
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 7 % (105 °C, 3 uair an chloig) |
| Ábhar uiscethuaslagtha | Nach mó ná 0,24 % |
| Luaith shulfáitithe | Nach mó ná 0,5 % (800 ± 25 °C) |
| Stáirse | Nach bhfuil inbhraite<br>Cuir cúpla braon de thuaslagán iaidín le 20 ml den easrán a fuarthas i Sainaithint, tástáil fuaidreáin, agus déan é a mheascadh. Níor cheart aon dath idir dath scothchorcra agus gorm, ná aon dath gorm, a bheith ann |
| Carbocsailghrúpaí | Nach mó ná 1 % |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Mearcair | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,1 mg/kg'; |

(2) leasaítear an iontráil maidir le 'E 460 (ii) ceallalós púdraithe' mar a leanas:

(a) cuirtear an tsonraíocht seo a leanas isteach i ndiaidh an 'Sainmhíniú':

| | |
|---|---|
| 'Uimhir CAS | 9004-34-6'; |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Íonacht':

| **'Íonacht** | |
|---|---|
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 7 % (105 °C, 3 uair an chloig) |
| Ábhar uiscethuaslagtha | Nach mó ná 1,0 % |
| Luaith shulfáitithe | Nach mó ná 0,3 % (800 ± 25 °C) |
| Stáirse | Nach bhfuil inbhraite<br>Cuir cúpla braon de thuaslagán iaidín le 20 ml den easrán a fuarthas i Sainaithint, tástáil fuaidreáin, agus déan é a mheascadh. Níor cheart aon dath idir dath scothchorcra agus gorm, ná aon dath gorm, a bheith ann |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,3 mg/kg |
| Mearcair | Nach mó ná 0,2 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,1 mg/kg'; |

(3) leasaítear an iontráil maidir le 'E 461 ceallalós meitile' mar a leanas:

(a) cuirtear an tsonraíocht seo a leanas isteach i ndiaidh an 'Sainmhíniú':

| | |
|---|---|
| 'Uimhir CAS | 9004-67-5'; |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Einecs':

| | |
|---|---|
| 'Einecs | 618-391-7'; |

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Sainaithint':

| '**Sainaithint** | |
|---|---|
| Intuaslagthacht | Borann sé in uisce agus tugann sé easrán collóideach slaodach idir glan agus ópalach.<br>Dothuaslagtha in eatánól, éitear agus clóraform.<br>Intuaslagtha in aigéad aicéiteach oighreach |
| pH | Nach lú ná 5,0 agus nach mó ná 8,0 (1 % easrán collóideach)'; |

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Íonacht':

| **'Íonacht** | |
|---|---|
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 10 % (105 °C, 3 uair an chloig) |
| Luaith shulfáitithe | Nach mó ná 1,5 % (800 ± 25 °C) |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Mearcair | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,1 mg/kg'; |

(4) leasaítear an iontráil maidir le 'E 462 ceallalós eitile' mar a leanas:

(a) cuirtear an tsonraíocht seo a leanas isteach i ndiaidh an 'Sainmhíniú':

| | |
|---|---|
| 'Uimhir CAS | 9004-57-3'; |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Einecs':

| | |
|---|---|
| 'Einecs | 618-384-9'; |

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'pH':

| | |
|---|---|
| 'pH | Neodrach ó thaobh litmis de (1 % easrán collóideach)'; |

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Íonacht':

| **'Íonacht** | |
|---|---|
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 3 % (105 °C, 2 uair an chloig) |
| Luaith shulfáitithe | Nach mó ná 0,4 % |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,5 mg/kg |

| | |
|---|---|
| Luaidhe | Nach mó ná 0,5 mg/kg |
| Mearcair | Nach mó ná 0,5 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,5 mg/kg'; |

(5) leasaítear an iontráil maidir le 'E 463 ceallalós hiodrocsapróipile' mar a leanas:

(a) cuirtear an tsonraíocht seo a leanas isteach i ndiaidh an 'Sainmhíniú':

| | |
|---|---|
| 'Uimhir CAS | 9004-64-2'; |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Einecs':

| | |
|---|---|
| 'Einecs | 618-388-0'; |

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Sainaithint':

| '**Sainaithint** | |
|---|---|
| Intuaslagthacht | Borann sé in uisce agus tugann sé easrán collóideach slaodach idir glan agus ópalach. Intuaslagtha in eatánól. Dothuaslagtha in éitear |
| Crómatagrafaíocht gháis | Cinn na malartaithe le crómatagrafaíocht gháis |
| pH | Nach lú ná 5,0 agus nach mó ná 8,0 (1 % easrán collóideach)'; |

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Íonacht':

| **'Íonacht** | |
|---|---|
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 10 % (105 °C, 3 uair an chloig) |
| Luaith shulfáitithe | Nach mó ná 0,5 % arna cinneadh ag 800 ± 25 °C |
| Clóraihidriní próipiléine | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,5 mg/kg |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,5 mg/kg |
| Mearcair | Nach mó ná 0,5 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,5 mg/kg'; |

(6) leasaítear an iontráil maidir le 'E 463a ceallalós hiodrocsapróipile ísealmhalartaithe (L-HPC)' mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Uimhir Einecs':

| | |
|---|---|
| 'Einecs | 618-388-0'; |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'pH':

| | |
|---|---|
| 'pH | Nach lú ná 5,0 agus nach mó ná 7,5 (1 % easrán collóideach)'; |

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Íonacht':

| **'Íonacht** | |
|---|---|
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 5,0 % (105 °C, 1 uair an chloig) |
| Iarmhar ar adhaint | Nach mó ná 0,8 % arna cinneadh ag 800 °C ± 25 °C |
| Clóraihidriní próipiléine | Nach mó ná 0,1 mg/kg (ar bhonn ainhidriúil) (crómatagrafaíocht gháis/mais-speictriméadracht) |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,5 mg/kg |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,5 mg/kg |
| Mearcair | Nach mó ná 0,5 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,15 mg/kg'; |

(7) leasaítear an iontráil maidir le 'E 464 ceallalós meitile hiodrocsapróipile' mar a leanas:

(a) cuirtear an tsonraíocht seo a leanas isteach i ndiaidh an 'Sainmhíniú':

| | |
|---|---|
| 'Uimhir CAS | 9004-65-3', |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Einecs':

| | |
|---|---|
| 'Einecs | 618-389-6'; |

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Sainaithint':

| '**Sainaithint** | |
|---|---|
| Intuaslagthacht | Borann sé in uisce agus tugann sé easrán collóideach slaodach idir glan agus ópalach. Dothuaslagtha in eatánól |
| Crómatagrafaíocht gháis | Cinn na malartaithe le crómatagrafaíocht gháis |
| pH | Nach lú ná 5,0 agus nach mó ná 8,0 (1 % easrán collóideach)'; |

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Íonacht':

| **'Íonacht** | |
|---|---|
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 10 % (105 °C, 3 uair an chloig) |
| Luaith shulfáitithe | Nach mó ná ≤ 1,5 % le haghaidh táirgí ag a bhfuil slaodachtaí 50 mPa.s nó níos mó<br>Nach mó ná ≤ 3 % le haghaidh táirgí ag a bhfuil slaodachtaí is lú ná 50 mPa.s |
| Clóraihidriní próipiléine | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Mearcair | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,1 mg/kg'; |

(8) leasaítear an iontráil maidir le 'E 465 ceallalós meitile eitile' mar a leanas:

(a) cuirtear an tsonraíocht seo a leanas isteach i ndiaidh an 'Sainmhíniú':

| | |
|---|---|
| 'Uimhir CAS | 9004-59-5. Sannadh an uimhir CAS 9004-69-7 freisin do cheallalós meitile eitile'; |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Sainaithint':

| | |
|---|---|
| '**Sainaithint** | |
| Intuaslagthacht | Borann sé in uisce agus tugann sé easrán collóideach slaodach idir glan agus ópalach. Intuaslagtha in eatánól. Dothuaslagtha in éitear |
| pH | Nach lú ná 5,0 agus nach mó ná 8,0 (1 % easrán collóideach)'; |

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Íonacht':

| | |
|---|---|
| **'Íonacht** | |
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 15 % i gcás na foirme snáithíní, agus nach mó ná 10 % i gcás na foirme púdraithe (105 °C go dtí an meáchan tairiseach) |
| Luaith shulfáitithe | Nach mó ná 0,6 % |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Mearcair | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,1 mg/kg'; |

(9) leasaítear an iontráil maidir le 'E 466 ceallalós meitile hiodrocsapróipile, guma ceallalóis' mar a leanas:

(a) cuirtear an tsonraíocht seo a leanas isteach i ndiaidh an 'Sainmhíniú':

| | |
|---|---|
| 'Uimhir CAS | 9004-32-4'; |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Einecs':

| | |
|---|---|
| 'Einecs | 618-378-6'; |

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Sainaithint':

| | |
|---|---|
| '**Sainaithint** | |
| Intuaslagthacht | Tugann sé easrán collóideach slaodach in uisce. Dothuaslagtha in eatánól |
| Tástáil cúir | Déantar easrán 0,1 % den sampla a chroitheadh go bríomhar. Ní thagann sraith chúir chun cinn. (Leis an tástáil seo is féidir idirdhealú a dhéanamh idir ceallalós carbocsaimeitile sóidiam agus éitir cheallalóis eile) |
| Foirmliú deascáin | Cuir 5 ml de thuaslagán 5 % de shulfáit chopair nó de shulfáit alúmanaim le 5 ml d'easrán 0,5 % den sampla. Tagann deascán chun cinn. (Leis an tástáil seo is féidir idirdhealú a dhéanamh idir ceallalós carbocsaimeitile sóidiam agus éitir cheallalóis eile, agus geilitín, guma pónairí lócaiste agus guma tragacantach) |

| | |
|---|---|
| Imoibriú datha | Cuir 0,5 g de shóidiam ceallalóis carbocsaimeitile púdraithe le 50 ml d'uisce, agus déan é a chorraí chun easrán aonfhoirmeach a fháil. Lean ar aghaidh ag corraí go dtí go bhfaightear easrán glan, agus úsáid an t-easrán sin sa tástáil seo a leanas:<br>I bpromhadán beag, cuir 5 bhraon de thuaslagán 1-naftóil le 1 mg den sampla caolaithe le toirt chomhionann uisce. Déan an promhadán a chlaonadh, agus cuir isteach go cúramach feadh thaobh an phromhadáin 2 ml d'aigéad sulfarach chun sraith ag an mbun a chruthú. Tagann dath deargchorcra chun cinn ag an gcomhéadan |
| pH | Nach lú ná 5,0 agus nach mó ná 8,5 (1 % easrán collóideach)'; |

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Íonacht':

| **'Íonacht** | |
|---|---|
| Méid an mhalartaithe | Nach mó ná 0,2 agus nach mó ná 1,5 grúpaí carbocsaimeitile (-$CH_2COOH$) in aghaidh an aonaid ainhidreaglúcóis |
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 12 % (105 °C go dtí meáchan tairiseach) |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Mearcair | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Gliocóláit iomlán | Nach mó ná 0,4 %, arna ríomh mar ghliocóláit sóidiam ar bhonn ainhidriúil |
| Sóidiam | Nach mó ná 12,4 % ar bhonn ainhidriúil'; |

(10) leasaítear an iontráil maidir le 'E 468 ceallalós carbocsaimeitile sóidiam trasnasctha, guma ceallalóis trasnasctha' mar a leanas:

(a) cuirtear an tsonraíocht seo a leanas isteach i ndiaidh an 'Sainmhíniú':

| | |
|---|---|
| 'Uimhir CAS | 74811-65-7'; |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Einecs':

| | |
|---|---|
| 'Einecs | 629-739-2'; |

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'pH':

| | |
|---|---|
| 'pH | Nach lú ná 5,0 agus nach mó ná 7,0 (1 % easrán collóideach)'; |

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Íonacht':

| **'Íonacht** | |
|---|---|
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 6 % (105 °C, 3 uair an chloig) |
| Ábhar uiscethuaslagtha | Nach mó ná 10 % |
| Méid an mhalartaithe | Nach mó ná 0,2 agus nach mó ná 1,5 grúpaí carbocsaimeitile in aghaidh an aonaid ainhidreaglúcóis |
| Cion sóidiam | Nach mó ná 12,4 % ar bhonn ainhidriúil |

| | |
|---|---|
| Arsanaic | Nach mó ná 0,2 mg/kg |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Mearcair | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,1 mg/kg'; |

(11) leasaítear an iontráil maidir le 'E 469 ceallalós carbocsaimeitile hidrealaithe go heinsímeach, guma ceallalóis hidrealaithe go heinsímeach' mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Sainaithint':

| '**Sainaithint** | |
|---|---|
| Intuaslagthacht | Intuaslagtha in uisce, dothuaslagtha in eatánól |
| Tástáil cúir | Déan easrán 0,1 % den sampla a chroitheadh go láidir. Ní thagann sraith chúir chun cinn. Leis an tástáil seo déantar idirdhealú idir ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, bíodh sé hidrealaithe nó na bíodh, agus éitir cheallalóis eile agus ailgionáití agus guma nádúrtha |
| Foirmliú deascáin | Cuir 5 ml de thuaslagán 5 % de chopar nó de shulfáit alúmanaim le 5 ml d'easrán 0,5 % den sampla. Tagann deascán chun cinn. Leis an tástáil seo déantar idirdhealú idir ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, bíodh se hidrealaithe nó na bíodh, agus éitir cheallalóis eile agus geilitín, guma pónairí lócaiste agus guma tragacantach |
| Imoibriú datha | Cuir 0,5 g den sampla púdraithe le 50 ml d'uisce, agus déan é a chorraí chun easrán aonfhoirmeach a fháil. Lean ar aghaidh ag corraí go dtí go bhfaightear easrán glan. Caolaigh 1 ml den easrán le 1 ml d'uisce i bpromhadán beag. Cuir 5 bhraon de thuaslagán tástála 1-naftóil. Déan an promhadán a chlaonadh, agus cuir isteach go cúramach feadh thaobh an phromhadáin 2 ml d'aigéad sulfarach chun sraith ag an mbun a chruthú. Tagann dath deargchorcra chun cinn ag an gcomhéadan |
| Slaodacht (60 % solaid) | Nach lú ná 2 500 kgm– 1s– 1 ag 25 °C a chomhfhreagraíonn do mheánmheáchan móilíneach 5 000 Da |
| pH | Nach lú ná 6,0 agus nach mó ná 8,5 (1 % easrán collóideach)'; |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Íonacht':

| **'Íonacht** | |
|---|---|
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 12 % (105 °C go dtí meáchan tairiseach) |
| Méid an mhalartaithe | Nach mó ná 0,2 agus nach mó ná 1,5 grúpaí carbocsaimeitile in aghaidh an aonaid ainhidreaglúcóis ar an mbonn triomaithe |
| Clóiríd sóidiam agus gliocóláit sóidiam | Nach mó ná 0,5 % ina n-aonar nó i gcuingir |
| Gníomhaíocht einsímí iarmharach | Pas sa tástáil. Gan aon athrú ar shlaodacht an easraithe tástála, rud a léiríonn hidrealú an cheallalóis carbocsaimeitile sóidiam |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Mearcair | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,1 mg/kg' |